

CINNEADH (CBES) 2021/1989 ÓN gCOMHAIRLE**an 15 Samhain 2021****lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES ⁽¹⁾ maidir le bearta sriantacha i gcoinne na Bealarúise.
- (2) An 24 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1031 ⁽²⁾, lenar leasáidh Cinneadh 2012/642/CBES chun roinnt srianta eacnamaíocha a thabhairt isteach, lena n-áirítear toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar do Rialtas na Bealarúise agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí na Bealarúise.
- (3) Sa chomhthéacs seo, is iomchuí eisceachtaí áirithe a thabhairt isteach ón toirmeasc ar árachas agus athárachas a sholáthar do Rialtas na Bealarúise agus do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí poiblí na Bealarúise.
- (4) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.
- (5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2j de Chinneadh 2012/642/CBES:

“Airteagal 2j

1. Toirmeascfar árachas nó athárachas a sholáthar do:
 - (a) Rialtas na Bealarúise, a chomhlachtaí, corparáidí nó gníomhaireachtaí poiblí; nó
 - (b) aon duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht ag gníomhú dó thar ceann nó faoi threoir duine dlítheanach, eintiteas nó comhlacht dá dtagraítear i bpointe (a).
2. Ní bheidh feidhm ag na toirmisc i mír 1 maidir le hárachas éigeantach nó árachas dliteanais tríú páirtí a sholáthar do dhaoine, d'eintitis nó do chomhlachtaí na Bealarúise i gcás ina bhfuil an riosca arna árachú suite san Aontas, ná maidir le hárachas a sholáthar do mhisin taidhleoireachta nó chonsalacha na Bealarúise san Aontas.
3. Beidh na toirmisc i mír 1 gan dochar d'fhorghníomhú conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 25 Meitheamh 2021 ná do chonarthaí coimhdeacha is gá chun conarthaí den sórt sin a fhorghníomhú.”

⁽¹⁾ Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1).

⁽²⁾ Cinneadh (CBES) 2021/1031 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 224 I, 24.6.2021, lch. 15).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES
